



tine



móin



bata



téitheoir



ríomhaire

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

An raibh an ceart ag múinteoirí páistí a bhualadh fadó? Cén fáth?

### Tasc 2:

Ainmnigh 5 rud atá againn anois ar scoil nach raibh ann blianta ó shin.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

25 Scoileanna Fadó

Foilseachán de chuid CCEA © 2015

CEA Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taisce Tuisceana



## Scoileanna Fadó

# Scoileanna Fadó

Níl na scoileanna inniu cosúil leis na scoileanna a bhí ann fadó. Bhí na scoileanna fadó an-bheag agus ní raibh ach seomra amháin sa chuid is mó acu. Chomh maith leis sin, bhí timpeall 50 páiste i rang amháin!

Bhí **tine** sa seomra ranga agus bhí ar na páistí **móin** a thabhairt isteach gach lá don tine. Ní raibh leithreas taobh istigh den scoil. Bhí ar na páistí dul amach chuig an leithreas, ba chuma cé chomh holc is a bhí an aimsir!

Ní raibh mórán leabhar ag na páistí fadó mar ní raibh go leor airgid ag daoine san am sin le leabhair a cheannach. D'úsáid na páistí clár beag dubh agus píosa cailce in áit peann luaidhe agus páipéar!

Bhí na múinteoirí an-dian ar na páistí. Nuair a bhí siad dána nó nuair nach raibh an obair déanta acu i gceart, bhuail an múinteoir le **bata** iad.

Ní raibh busanna ná carranna ann fadó le páistí a thabhairt ar scoil agus bhí ar gach páiste siúl. Thóg sé níos mó ná uair an chloig ar chuid acu agus iad gan bhróga go minic!

Sa lá atá inniu ann tá **téitheoirí**, **ríomhairí**, leabhair bhreátha agus go leor leor eile againn ar scoil. Nach bhfuil rudaí i bhfad níos fearr do pháistí anois?

# Ceisteanna

1. **Bhí ar na páistí dul amach chuig an leithreas taobh amuigh mar:**
   (a) ní raibh leithreas taobh istigh den scoil.
   (b) bhí an leithreas taobh istigh briste.
   (c) bhí an leithreas taobh amuigh níos deise.

2. **Cén fáth nach raibh mórán leabhar ag na páistí fadó?**
   (a) Ní raibh páipéar ar bith ann
   (b) Ní raibh go leor airgid ag daoine
   (c) Ní raibh leabhair ag teastáil mar bhí ríomhairí acu

3. **Cad a chiallaíonn an abairt 'bhí na múinteoirí an-dian ar na páistí'?**
   (a) Bhí siad cineálta leo
   (b) Bhí siad cairdiúil leo
   (c) Bhí siad an-ghéar orthu

4. **Cén chaoi a ndeachaigh na páistí ar scoil fadó?**
   (a) Chuaigh siad sa charr
   (b) Shiúil siad
   (c) Chuaigh siad ar an mbus

5. **Cé acu atá fíor?**
   (a) Bhí na scoileanna an-mhór blianta ó shin
   (b) Ní raibh bróga ag cuid de na páistí
   (c) Ní raibh teas ar bith sna scoileanna

6. **Cad a cheapann an t-údar faoi pháistí?**
   (a) Tá saol níos fearr ag páistí sa lá atá inniu ann
   (b) Bhí saol níos fearr ag páistí fadó
   (c) Bhí an ceart ag múinteoirí páistí a bhualadh

